Gaelscoil Charraig Uí Leighin
Ríomhphost: oifig@gaelscoilcul.ie **Fón: 021 4373399**

Príomhoide: Bríd Úna Ní Mhaoileoin
Leas phríomhoide: Martina Uí Dhubhghaill
Príomhdoidí Cunta: Séamus de Lóndra & Seán Mac Carthaigh

A thuismitheoir, a chara,

Tá céad mile fáilte romhat féin agus do leanbh go bliain eile inár dteannta sa scoil. Tá súil againn go mbeidh bliain iontach againn go léir le chéile agus go mbeidh sé taitneamhach agus tairbheach do gach dalta.

Am ar scoil:
Tá Bord Bainistíochta Gaelscoil Charraig Uí Leighin freagrach as na daltaí atá ag freastal ar an scoil idir -

Naíonáin Bheaga/Naíonáin Mhóra:	**8.50r.n - 1.30i.n.**
Ranganna 1 go 6:	**8.50r.n - 2.30i.n.**

Ar maidin – ag teacht ar scoil:

- téann na Naíonáin Bheaga agus na Naíonáin Mhóra díreach go dtí a seomraí ranga. Osclaíotar na dóirse dóibh ag 8.40r.n.
- téann na leanaí ó Rang 1 go Rang 6 chuig an gclós, áit ina seasann siad i línte ins an áit atá réamh ullmhaithe dóibh go mbailíónn an múinteoir ranga iad.
- Má bhíonn an mhaidin fliuch, téann na leanaí ó Rang 1 go Rang 6 chuig an halla agus seasann siad ina línte. Téann na Naíonáin chuig an seomra ranga.

Iarrtar ar gach duine againn a bheith foighneach mar go dtógann sé tamall ó gach éinne taithí a fháil ar an gcóras seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach tuismitheoir a chabhraíonn linn agus a dhéanann deimhin de go mbíonn na leanaí ar scoil in am.
Bíonn roinnt tuismitheoirí fós sa chlós ar maidin ach iarrtar ort

- tacú linn agus led'thoil an clós a fhágáil chomh tapaidh is is féidir leat chun slí a dhéanamh do dhaoine eile atá páirceáilte in aice na scoile
- gan seasamh cóngarach do na línte ranga
- ná tabhair madraí isteach sa chlós. Bíonn eagla ar roinnt leanaí roimh na madraí.

Nuair a bhíonn an mhaidin fliuch, iarrtar ort do leanbh a chur chuig an halla agus ansin é/í a fhágáil ann, mar níl spás ann d'alán daoine agus arís, bímíd ag iarraidh an trácht a choimeád ag gluaiseacht.
Tá na socraithe seo déanta againn chun iarracht a dhéanamh an trácht lasmuigh den scoil a choimeád ag gluaiseacht agus a chinntiú go bhfuil spásanna páirceáile folamh go leanúnach. Má bhíonn do leanbh ar scoil ar 8.40, ba cheart go mbeadh do charr imithe ó lasmuigh den scoil, laistigh de chúpla nóiméad agus beidh duine eile ábalta páirceáil ann ansin.

Um thráthnóna - ag dul abhaile:
Fágann na daltaí i Rang 6 an scoil trí 'Doras na bPáistí' agus siúlann siad ar an gcosán idir an halla agus an chúirt cispheile.
Fágann na daltaí i Rang 1 ar an gcosán siúil ó na seomraí reamhdhéanta.
Fágann na daltaí ó Rang 4, Rang 5 an scoil tríd an chúirt cispheile chun dul amach an geata siúil ar thaobh an timpealláin.

Téann Rang 2 Seán amach an treo céanna le Ranganna 4 & 5, ag siúl amach tríd an chúirt cispheile agus téann Rang 2 Kiera & Mairéad amach trí Dhoras na bPáistí.
Téann Rang 3 amach a ndoras féin agus siúlann siad tríd an chúirt cispheile freisin.

Ar bhonn sábháilteachta, níl cead ag aon duine RIAMH siúl isteach tríd an bpríomh gheata nó siúl tríd an gcarr chlós scoile ar maidin nó nuair a bhíonn na leanaí ag dul abhaile. Níl radharc ar na leanaí óga agus uaireanta bíonn muintneoirí ag tarraingt amach nó ag páirceáil sa charrchlós. Ná siúl tríd an gcarrchlós led'thoil.

Páirceáil agus Trácht:
Bheadh bainistíocht na scoile fíor-bhuíoch duit dá dtabharfá aire faoi leith agus tú ag páirceáil sa timpeallacht scoile, ag bailiú nó ag tabhairt leanaí ar scoil. Iarrtar ort a bheith aireach agus gan tú féin, do leanbh nó éinne eile a chur i mbaol.
Iarrtar ort deimhin a dhéanamh de nach bhfuil

- gluaisteán riamh páirceáilte trasna gheata na scoile
- gluaisteán riamh sa tslí ar an maor tráchta
- leanbh ag trasnú an bhóthair in áit mí-oiriúnach
- gluaisteán á thiomáint isteach i gclós na scoile riamh
- leanaí ag siúl trí charr chlós na scoile
- gluaisteán riamh pairceáilte in ionad an bhus
- gluaisteán riamh ag cuir cosc ar ghluaiseacht tráchta nó ar ghluaiseacht na seirbhísí éigeandála sna héastáit timpeall na scoile

Rothaíocht ar scoil:
Ba cheart d'aon leanbh atá ag rothaíocht ar scoil, **clogad** a chaitheamh agus **siúl** leis an rothar sa timpeallacht scoile. Tá ionad ann chun na rothair a stóráil le linn an lae scoile..

Lón ar scoil:
Itheann gach leanbh lón ar scoil gach lá agus ba mhaith linn go gcabhrófá linn dearcadh dearfach i leith bia a chothú sa leanbh ina n-óige. Bheimís an-bhuíoch duit dá ndeanfá a chinntiú go bhfuil lón sláintiúil le n-ithe ag do leanbh ar scoil. Níl cead ag leanaí deochanna 'fizzy', buidéil gloine, guma coganta, cnónna nó milseáin crua a thabhairt ar scoil. Bí ciallmhar leis an rogha a dhéanann tú. Bíonn "Lá Bia Sláintiúil" againn sa scoil go bliantúil ina mbíonn an pobal scoile uilig ag cabhrú le meon dearfach i leith bia a fhorbairt tríd an scoil.
NB: Cnónna: Tá roinnt leanaí inár scoil atá ailléirgeach do chnónna agus arís iarrtar ort a bheith ciallmhar agus gan cnónna nó táirgí le cnónna ann m.sh nutella, a chur i lón do leanbh agus é nó í ag teacht ar scoil, ar eagla go mbeadh leanaí ina rang i mbaol.

Obair Bhaile: Is é polasaí na scoile seo ná go mbeadh obair bhaile ag leanaí idir an Luan agus an Déardaoin. Iarrtar ort súil a choimeád ar an obair bhaile seo agus tú féin a chur ar d'eolas faoi cad atá á dhéanamh ag do leanbh ar scoil, an bhfuil sé ar chumas do leanbh an obair bhaile a dhéanamh agus an dialann ranga a shíniú gach lá.
Thíos anseo tá treoir ar fáil duit, ach tá sé dodhéanta am a léiriú mar go ndéanann leanaí an obair ag a luas agus a nábaltacht féin.

Treoir:	Naíonáin:	5 -10 nóiméid
	- Rang 1:	10 - 15 nóiméid
	- Rang 2:	15 – 20 nóiméid
	- Rang 3 – 4:	20 - 30 nóiméid
	- Rang 5 – 6:	30 - 45 nóiméad

Má bhíonn aon fhadhb ag do leanbh leis an obair bhaile, iarrtar ort a coinne a dhéanamh leis an múinteoir go luath chun é a plé.

Éide Scoile: Ba chóir do gach leanbh (ach na Naíonáin) éide iomlán na scoile a chaitheamh gach lá ach amháin ar na laethanta go bhfuil corpoideachas ag an rang nó má iarrann an múinteoir orthu éide spóirt a chaitheamh.
Bíonn éide spóirt ar na Naíonáin gach lá.
Bí cinnte go bhfuil ainm do linbh ar a gcuid éadaigh go léir – geansaí, cóta srl

Clár Ama Corpoideachas

Monday**:** Rang 1, Rang 3 and Rang 4 Aisling
Tuesday: Naí Mhóra, Rang 5 Therése and Rang 6 Briain
Wednesday: Naí Bheaga, Rang 5 Máire, Rang 4 Gregg and Rang 2
Thursday: Rang 2, Rang 1 and Naí Bheaga
Friday : Naí Mhóra, Rang 3, Rang 4 Elaine and Rang 6 James

Bíonn éide spóirt ar na Naíonain gach lá agus mar sin, bheimís ag súil gur féídir leo cúpla nóiméad corpoideachas a bheith acu, má bhíonn an aimsir oiriúnach.

Ag bualadh le múinteoirí: Tá páirt lárnach ag tuismitheoirí i saol na scoile seo Tá do chabhair, do thacaíocht agus do chomh-oibriú fíor thábhachtach dúinn agus sinn ag cabhrú leat oideachas a chur ar do leanbh. Tá fáilte romhat sa scoil i gcónaí ach iarrtar ort smaoineamh go bhfuil rang faoi chúram múinteoirí agus ba chóir coinne a dhéanamh má theastaíonn uait bualadh le múinteoir. Is féidir coinne a eagrú le múinteoir ag úsáid an dialann scoile nó trí ghlaoch a dhéanamh ar an scoil.

Ag teacht chuig an scoil: Tá sé tábhachtach go gcuirfeá tú féin in iúl san oifig, nuair atá tú ag tabhairt cuairt ar an scoil. Níor cheart d'éinne dul chuig aon seomra sa scoil, gan dul chuig an oifig ar dtús.
Ag tacú le sábhaílteacht, ba chóir duit nóta a thabhairt don scoil::

1. má tá do leanbh as láthair ón scoil
2. má tá do leanbh ag fágáil na scoile le linn an lae scoile
3. má tá do leanbh ag fanacht istigh ón gclós (de bharr gortú nó rl)
4. má tá do leanbh á bhailiú ag duine seachas an duine ainmnithe
5. eolais má tá do leanbh buartha nó imníoch ar scoil.

Má bhíonn do leanbh ag fágáil na scoile i rith an lae scoile, téann tú chuig an oifig agus síníonn tú d'ainm ar an mbileog ann, sula dtógann tú an leanbh amach as an scoil.

Fón Póca: Níl cead ag aon leanbh fón póca a bheith ar siúl acu i rith an lae scoile. Má tá fón póca ag do leanbh, ba chóir duit a chinntiú leis/leí go bhfuil sé/sí freagrach as agus go bhfuil an fón múchta laistigh de gheataí na scoile i gcónaí.

Mála Leithris: Bí cinnte go labhrann tú led' leanbh faoin dtábhacht atá lena m(h)ála leithris féin a úsáid gach uair a théann siad chuig an leithreas, chomh maith le ciarsúir a úsáid má bhíonn siad ag ligint sraoth nó ag casachtach. Iarrtar ort, gan leanbh a chur ar scoil má tá sé/sí breoite.

Ciseán: Bíonn ciseán beag ag gach leanbh ó Rang 3 le roinnt leabhair a fhágáil ar scoil, rud a chiallaíonn nach mbíonn orthu iad a iompar.

Cuireadh go féasta; Tá gach éinne fíor bhuíoch as an tacaíocht maidir le cártaí a thugann cuireadh chun féasta do leanaí a thabhairt amach sa scoil. Ní bhíonn aon bhaint ag aon mhúinteoir, le dáileadh cártaí. Bíonn leanaí áirithe suaite muna bhfaigheann siad cuireadh, nuair atá cuireadh ag a c(h)airde!!

Bainne: Bíonn bainne ar fáil sa scoil do gach leanbh, go bhfuil sé uathu ach é a chur in iúl don mhúinteoir ranga agus ansin íoc as timpeall €35 sa bhliain.

Banna Cheoil na scoile: Bíonn leanaí ó ranganna 3 go dtí 6 ag glacadh páirt i mbanna ceoil na scoile. Bí0nn gach leanbh ó rang 2 ar aghaidh ag foghlaim an fheadóg stáin ar scoil. Feadóg Gléas D.

Caomhnú Páistí: Tá an scoil seo ag leanúint na treoracha "Children First" maidir le caomhnú páistí. Is í an Príomhoide Feidhmeannach Martina Uí Dhubhghaill an DLP/Designated Liaison person agus muna bhfuil sí ar fáil, is Séamus de Londra.í an Leas DLP.

An Oifig: Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach éinne a chabhraíonn linn agus sinn ag eagrú obair na hoifige. Déantar gach iarracht teachtaireachtaí a thabhairt do leanaí ach tá sé do-dhéanta uaireanta freastal ar gach iarratas (ar eagla go dtárlódh aon rud nó eachtra sa scoil féin). Ba cheart chomh mór agus is féidir, má tá leanbh - ag dul go dochtúir/ go fiaclóir/ go teach cáirde, ag dul abhaile go luath srl, nóta a thabhairt don leanbh ag teacht ar scoil, le tabhairt don mhúinteoir ranga.

Bíonn oifig na scoile dúnta idir 11:20i.n agus 11.50.

Snámh: *Tá ranganna snáimh Rang 4 ag tosú ar an Déardaoin 12/10/2017 (8 seachtaine)*
Tá ranganna snáimh Rang 3 ag tosú ar an Déardaoin 18/01/2018 (8 seachtaine)

Imeachtaí Iar scoile: Bíonn imeachtaí iar scoile ar siúl sa scoil. Má tá breis eolais uait faoi aon cheann de na ranganna seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an scoil.

Iompar sa scoil: Is pobal beag sinn anseo sa scoil ina ndéantar gach iarracht a bheith dearfach faoin iompar sa scoil agus aitheantas a thabhairt don dea iompar. Bímíd i gcónaí ag plé agus ag coimeád súil ar seo.
Ba bhreá linn cosc iomlán a chur le bulaíocht d'aon sórt inár scoil. De ghnáth, bíonn iompar na leanaí ana mhaith, ach caithfimíd go léir a bheith aireach agus gan deis a thabhairt don mbulaíocht teacht chun cinn. Cabhraíonn sé go mór bulaíocht a stopadh nuair a bhíonn an pobal scoile go léir ag feidhmiú le chéile go leanúnach agus go dearfach. Caithfimíd go léir oibriú as lámh a chéile chun a chinntiú go mbeidh ár scoil saor ó bhulaíocht.

Uaireanta, d'fhéadfadh bulaíocht a bheith á dhéanamh ar do leanbh ach chomh maith leis sin, d'fhéadfadh do leanbh a bheith ag déanamh bulaíocht ar leanbh eile. Iarraimíd ort tacú leis an scoil lena chinntiú go bhfuil iompar gach ball den phobal scoile sásúil, sinne féin san áireamh.

Próiséas le moladh/gearán a dhéanamh: Má theastaíonn uait moladh/gearán a dhéanamh faoi h-aon rud sa scoil, ar dtús, iarrtar ort labhairt leis an múinteoir ranga agus ansin muna bhfuil tú sásta ina dhiaidh sin, is féidir leat coinne a dhéanamh le labhairt leis an bpríomhoide.
Déantar gach iarracht teacht ar chomhréiteach sa scoil, ach caithfidh na rannpháirtithe a bheith sásta comhoibriú le chéile ar son leasa an linbh agus chun go mbeadh ar ár gcumas teacht ar chomhréiteach.

Coiste Cairde: Tá Coiste Cairde (Coiste na dTuismitheoirí) againn sa scoil, a bhíonn ag feidhmiú le cabhrú leis an scoil ar bhonn laethúil. Eagraíonn siad imeachtaí éagsúla i rith na bliana m.sh Lá Bia Folláin, ag ullmhú do Dhaidí na Nollag, ag ullmhú don Chéad Chomaoineach, oíche Slán Rang 6 srl. Déanann siad sár obair in atmaisféar dearfach, comhoibritheach agus táimíd fíor bhuíoch dóibh.

An Bord Bainistíochta: Tá ochtar ar Bhord Bainistíochta na scoile. Is é Colm Ó Ruairc an cathaoirleach, faoi lathair. Tá Bríd Úna agu Múinteoir Seán ar an mBord chomh maith le Áine Corrigan, Pat Nagle, Majella Crowley, Conor Kirwan agus Kathleen Cole.
Tá an scoil seo ag feidhmiú faoi phátrúnacht Easpag Chorcaí agus Róis agus ag leanúint rialacha na mbunscoileanna mar atá deimhnithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Urraíocht ón mBord Bainistíochta: Déanann an Bord Bainistíochta urraíocht ar na himeachtaí scoile seo a leanas……..Rince Gaelach, Speech & Drama, Fraincís sna hárd ranganna, na busanna do na foirne scoile ar fad agus €35 de chostas iomlán na ranganna snáímh. Is iontach an chabhair é seo dúinn go léir.

An Ghaeilge sa timpeallacht scoile: Tá fáilte romhat pé mhéid Gaeilge atá agat a úsáid sa timpeallacht scoile. Is breá linn an Ghaeilge a chloisteáil uait!

An Chéad Chomaoineach: *Beidh an Chéad Chomaoineach ar siúl ar an Satharn 19/05/2018.*

Comhneartú (Rang 6): *Níl aon dáta againn fós*

Cruinniú Tuismitheoirí /Múinteoirí: *Bíonn cruinnithe múinteoirí/tuismitheoirí ar siúl go bliantúil, de ghnáth i mí na Samhna nó tús mí na Nollag*

Gabhaim buíochas leat as ucht do chuid cabhrach agus do thacaíocht don scoil agus don phobal ina bhfuilimíd ag feidhmiú ann. Má bhíonn aon fhadhb ag do leanbh ar scoil, le linn na bliana, is féidir leat labhairt leis an múínteoir ranga chomh luath agus is féidir faoi. Go minic, bíonn ar ár gcumas alán fadhbanna a réiteach nuair a bhíonn deis againn labhairt le chéile.

Toisc go bhfuil béim againn a bheith inár Scoil Glas, beidh an nóta seo le léamh ar an suíomh idirlíon scoile. Má theastaíonn cóip páipéir uait, is féidir leat é a fháil san oifig.

Tá súil agam go mbeidh an rath agus an séan le gach ball den fhoireann scoile, daltaí na scoile, bainistíocht na scoile, an pobal scoile ina iomláine agus gach éinne a thagann thar táirseach na scoile i rith na scoilbhliana seo.

Is mise le meas
Martina Uí Dhubhghaill
Príomhoide Feidhmeannach